FROM THE OFFICE OF THE MINISTER

Department of Education
www.education-ni.gov.uk
Rathgael House
43 Balloo Road
Rathgill
BANGOR
BT19 7PR

Tel: 028 9127 9306
Email: private.office@education-ni.gov.uk

Lúnasa 2020

A Thuismitheoir/Chúramóir, a chara,

Aithním gur dúshlán do gach cuid den tsochaí a bhí sna míonna seo atá imithe thart agus gur dúshlán ar leith é sin duit mar thuismitheoir nó mar chúramóir, toisc go bhfuil roinnt mhaith tuismitheoirí agus cúramóirí ag iarraidh obair ón bhaile agus tacú le foghlaim na leanaí leo ag an am céanna. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as tacú leis na leanaí leat ar fud na tréimhse nach raibh siad ar scoil.

Bhí sé mar aidhm agam ón tús go bhfillfeadh gach dalta ar scoil go lánaimseartha a luaithe is féidir, nuair a bheadh sé sábháilte déanamh amhlaidh. Ceann de na hábhair imní is mó atá agam is ea folláine fhadtéarmach leanaí agus daoine óga agus an tionchar a bheadh ar a n-oideachas de bharr iad a bheith as láthair ón scoil ar feadh tréimhse chomh fada sin. Is eol dom freisin go bhfuil imní ar a lán daoine óga nach mbeidh siad in ann a gcláir staidéir a chur i gcrích agus go rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an saol atá rompu.

Dúirt mé roimhe seo gur mhaith liom go mbeadh gach leanbh ar ais ar scoil a luaithe is féidir, dá mbeifí in ann déanamh amhlaidh sna himthosca. Bunaithe ar an chomhairle a fuarthas ón Phríomhoifigeach Míochaine, ar an chomhairle eolaíoch reatha a fuarthas ón Ghrúpa Comhairleach Eolaíoch d'Éigeandálaí (SAGE) agus ar an chinneadh a rinne an Feidhmeannas le déanaí ar scaradh sóisialta maolaithe a cheadú i scoileanna, chinn mé go n-athosclódh scoileanna do phríomhghrúpaí daltaí ón 24 Lúnasa 2020 i leith. Áireofar leo sin daltaí atá ag dul isteach i Rang 7, i mBliain 12 agus i mBliain 14 agus daltaí atá soghonta. Fillfidh gach dalta eile ar scoil ón tseachtain dar tosach an 31 Lúnasa 2020. Is ar bhonn lánaimseartha cúig lá sa tseachtain a bheidh gach leanbh ag filleadh ar scoil.

Cén fáth a bhfuil sé sábháilte anois é seo a dhéanamh?

Luaigh mé arís is arís eile gur faoi stiúir ag fianaise a bheidh athoscailt na scoileanna agus is amhlaidh sin fós. Táthar ag léiriú go comhsheasmhach san fhianaise eolaíoch go mbeidh sé sábháilte scoileanna a oscailt má ghlactar maoluithe cuí riosca.

Go deimhin, d'fhoilsigh SAGE páipéar le déanaí i lár mhí Iúil ina dtugtar mionsonraí faoi na rioscaí a bhaineann le suíomhanna i Sasana a athoscailt i mí Mheán

Fómhair. Áirítear na nithe seo le roinnt de na príomhtheachtaireachtaí a chuirtear in iúl sa pháipéar sin;

- Is ann do riosca láithreach measartha íseal do shláinte leanaí de bharr SARS-CoV-2[1], áit arb ann do roinnt fianaise á léiriú gurb ísle so-ghabhálacht leanaí/ógánach i leith ionfhabhtú SARS-CoV-2 agus galar cliniciúil ná so-ghabhálacht aosach ina leith.

- Is ann do roinnt fianaise gur lú an méid a tharchuireann leanaí an t-ionfhabhtú ná an méid a tharchuireann aosaigh é.

- I dtíortha ina bhfuil na scoileanna ar oscailt le tamall anuas, tugtar le fios sna sonraí gur beag difear atá déanta ag oscailt na scoileanna do tharchur pobail.

Cé go bhfuil Covid-19 anseo i dTuaisceart Éireann fós, is dócha go mbeidh tú ar an eolas faoi mhaolú na srianta de réir a chéile ina lán réimsí eile den tsochaí. Chuir na rialtais i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann in iúl go bhfuil sé de rún acu scoileanna a athoscailt le gnáthphatrúin freastail do gach dalta sna seachtainí atá le teacht agus in am don téarma nua scoile.

Ní chiallaíonn sé sin go mbeifear ag filleadh ar ghnó mar is gnách, áfach. Táimid ag oibriú i bpaindéim fós agus beidh a ról féin le himirt ag **gach duine** ina chinntiú go gcloífear le bearta sláinteachais agus sláinte poiblí chun filleadh sábháilte ar an scoil a éascú.

Ná cuir an leanbh leat chun na scoile má bhíonn ceann ar bith de na siomptóim seo a leanas air nó uirthi nó ar dhuine ar bith a chónaíonn leat:

- **teocht ard** – ciallaíonn sé sin go bhfuil sé nó sí te le tadhall ar an chliabhrach nó ar an droim (ní gá teocht an duine a thomhas);

- **síorchasacht nua** – ciallaíonn sé sin go bhfuil sé nó sí ag casacht ar feadh níos mó ná uair an chloig nó go bhfuil trí cinn nó níos mó d'eipeasóidí casachta laistigh de 24 huaire an chloig aige nó aici (má bhíonn casacht ar an duine de ghnáth, is féidir gur measa é ná mar is gnách);

- **cailleadh chéadfa an bholaidh nó an bhlaiste nó athrú sna céadfaí sin**.

Má bhíonn ceann ar bith de na siomptóim thuas ar an leanbh leat nó ar dhuine ar bith sa teach, ba cheart duit tástáil Covid-19 a iarraidh. Is féidir mionsonraí a fháil anseo faoi conas is féidir é sin a dhéanamh.

Tá Covid-19 inár bpobail fós agus teastaíonn uainn go mbeidh tuismitheoirí, daltaí agus an tsochaí i gcoitinne síorairdeallach chun é **"a Choinneáil Amach"** as ár scoileanna.

[1] Covid-19

Cad atá á dhéanamh chun scoileanna a dhéanamh sábháilte?

Cuirfear bearta éagsúla i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfanfaidh scoileanna sábháilte do leanaí, do dhaoine óga agus do bhaill foirne. Áirítear leo sin;

- **Covid-19 a choinneáil amach as scoileanna.** **Is gá nach** bhfreastalóidh aon duine a bhfuil ceann ar bith de shiomptóim Covid-19 air nó uirthi freastal ar scoil.

- Cuirfear **bearta breisithe sláinteachais agus glantacháin** i bhfeidhm. Is de réir na Treorach ón Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí a dhéanfar an glantachán ar fad. Glanfar murláin dorais agus barra deisce agus a leithéid ar bhonn rialta ar fud an lae.

- **Nífidh** leanaí **a lámha** ar an scoil a bhaint amach dóibh agus go rialta ar fud an lae scoile.

- Déanfar an treoir sláinte poiblí maidir le **scaradh sóisialta dhá mhéadar (2 m) a choinneáil i bhfeidhm idir aosaigh** agus, a oiread agus is féidir, idir aosaigh agus daltaí.

- Cé go maolófar cur i bhfeidhm dian na gceanglas scartha shóisialta idir daltaí a oiread agus is féidir, **ba cheart an leas is mó is féidir a bhaint as scaradh sóisialta i gcás leanaí agus aosach nach as an aon teaghlach amháin dóibh.**

- **Bainfear úsáid as bolgáin chosantacha mar phríomhghníomh maolúcháin i gcás gur féidir.** Bainfear úsáid as na socruithe bolgáin chosantaigh chun daltaí a roinnt ina ngrúpa comhsheasmhach nó ina ngrúpaí comhsheasmhacha a thiocfaidh ar scoil le chéile, a fhoghlaimeoidh le chéile, a bheidh ag súgradh le chéile agus a íosfaidh le chéile, rud a laghdóidh an teagmháil ar fud na scoile le leanaí eile.

- **Bainfear an leas is mó as spás seomra ranga** a oiread agus is féidir agus bainfear míreanna neamhriachtanacha de sheomraí ranga. Anuas air sin, bainfidh scoileanna úsáid as an spás ar fad, spás amuigh faoin spéir san áireamh.

- **Ní shuífidh leanaí ar aghaidh a chéile i gcás gur féidir** agus **bainfear úsáid as pleananna suíochán chun rianú teagmhála a éascú** i gcás go dtiocfaidh cás deimhneach Covid-19 aníos.

- Cuirfear an treoir ón Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí faoin **chlár um Thástáil, Rianú agus Cosaint** i bhfeidhm maidir leis na baill foirne agus na daltaí uile a bhí i dteagmháil le duine a raibh tástáil dheimhneach Covid-19 aige nó aici.

- **Is féidir go scarfar amanna lóin agus sosa amach** chun go soláthrófar níos mó suíonna, seirbhísí beir leat agus/nó seachadadh chuig seomraí ranga.

- Is féidir go dtabharfar **amanna céimnithe teachta agus bailithe** isteach chun teagmhálacha a theorannú agus chun comhchruinniú daoine ag geataí na scoile a sheachaint.

- De bharr na maoluithe riosca atá i bhfeidhm i scoileanna chun leathadh COVID-19 a theorannú agus a shrianadh, **ní mholtar clúdaigh aghaidhe de ghnáth lena ngnáthúsáid i scoileanna**. Is féidir go mbeidh fonn ar bhaill foirne agus ar dhaltaí iad a chaitheamh le linn an ghnáthlae scoile agus glacfar leis sin.

- Gan na daoine sin atá díolmhaithe a áireamh, **is éigeantas do gach dalta atá 13 bliana d'aois nó níos sine é clúdach aghaidhe a chaitheamh ar iompar poiblí**. Moltar go mór freisin **go gcaithfeadh gach dalta, beag beann ar aois, clúdach aghaidhe agus iad ag taisteal ar an bhus, ar an traein nó i dtacsaí** le haghaidh an turais chun na scoile i gcás gur cuí déanamh amhlaidh agus go mbeidh siad in ann na clúdaigh aghaidhe a láimhsiú de réir na treorach.

Iompar ón Bhaile chun na Scoile

Is eol dom gur toisc ríthábhachtach taobh thiar de chur ar chumas leanaí agus daoine óga filleadh ar scoil é iompar a sholáthar. Tuigim go mbeidh ar roinnt mhaith tuismitheoirí agus caomhnóirí na leanaí leo a iompar go pearsanta chun na scoile. Cé go n-iarraim orthu na leanaí leo a spreagadh taisteal chun na scoile ar bhealaí eile, mar shampla de shiúl na gcos nó ar rothar i gcás go mbeidh sé sábháilte agus réasúnach déanamh amhlaidh, aithním gur féidir go mbeidh an gréasán iompair ón bhaile chun na scoile ar an aon rogha amháin a bheidh ar fáil do lear leanaí.

Ba cheart do dhaltaí ar bhusanna féachaint i gcónaí le scaradh sóisialta ó dhaltaí eile a choinneáil ar bun i gcás gur féidir. Mar sin féin, **ní bheidh feidhm** ag an treoir d'iompar poiblí maidir le **scaradh sóisialta ar iompar tiomnaithe scoile** sa scoilbhliain nua. Measann an roinn gur beart réasúnach é sin ar na cúiseanna seo:

- is gnách go mbíonn daltaí ag féachaint ar aghaidh i bhfeithicil, seachas i líon beag cásanna amhail roinnt daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu;

- ní bhíonn daltaí ar iompar tiomnaithe scoile i dteagmháil leis an phobal i gcoitinne ar na turais sin;

- is minic a iompraítear an t-aon ghrúpa leanaí agus daoine óga amháin ar iompar tiomnaithe ón bhaile chun na scoile ar bhonn rialta, agus is féidir go mbeidh na leanaí sin le chéile ar scoil freisin; agus

- de bharr na hintuarthachta atá i gceist, rud nach bhfuil le fáil ar iompar poiblí, éascófar pleanáil chun go mbeifear in ann bearta cosanta a chur i bhfeidhm.

Is éigeantas do gach dalta atá 13 bliana d'aois nó níos sine é clúdach aghaidhe a chaitheamh ar iompar poiblí agus moltar go mór go gcaithfeadh gach dalta clúdach aghaidhe agus iad ag taisteal ar aon fheithicil iompair ón bhaile chun na scoile, i gcás gur cuí leo déanamh amhlaidh. Ba cheart do dhaltaí mála plaisteach a thabhairt leo le haghaidh a gclúdach aghaidhe a stóráil i gcás gurb amhlaidh gur úsáid siad clúdach aghaidhe agus iad ar iompar ón bhaile chun na scoile. Iarrtar ort a chinntiú go nglanfaidh an leanbh nó na leanaí leat a lámha sula rachaidh siad ar bhord aon fheithicle iompair ón bhaile chun na scoile.

I gcás go bhfágfaidh toilleadh na feithicle go mbeifear in ann tuilleadh spáis a choinneáil idir daltaí, ba cheart é sin a dhéanamh. Aithnítear, áfach, nach féidir déanamh amhlaidh i ngach cás. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, cuirfear bearta eile chun feidhme chun daltaí a chosaint.

Cé is moite de dhaltaí i rang 7, i mbliain 12 agus i mbliain 14, a mbeidh rochtain acu ar sheirbhís theoranta iompair ón bhaile chun na scoile ón 24 Lúnasa i leith, beidh iompar ón bhaile chun na scoile ar siúl ón 1 Meán Fómhair i leith. Beidh tuilleadh mionsonraí ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Oideachais.

Maidir le daltaí a úsáideann seirbhísí **iompair phoiblí** a n-úsáideann daoine den phobal iad freisin, leanfaidh siad de chloí leis na treoirlínte scartha shóisialta don phobal i gcoitinne.

Béilí Scoile

Tiocfaidh scéim na hÍocaíochta Bia Samhraidh chun deiridh an 31 Lúnasa 2020 agus tá sé de rún agam go mbeidh béilí scoile ar fáil i scoileanna ón 1 Meán Fómhair 2020 i leith. Táthar ag súil leis gurb amhlaidh, i gcás gur féidir, go mbeidh béile te ar fáil do na daltaí sin atá i dteideal béilí scoile saor in aisce agus d'aon daltaí eile ar mian leo leas a bhaint as béilí scoile.

Beidh ar na daltaí sin a bheidh ag filleadh ar scoil an tseachtain dar tosach an 24 Lúnasa 2020 lón pacáilte a thabhairt leo.

Achoimre

Chun go n-éireoidh leis an fhilleadh ar an scoil, is gá go leanfaidh scoileanna, tuismitheoirí, daltaí agus an tsochaí i gcoitinne de bheith airdeallach agus de ghníomhú go stuama de réir na dtreoirlínte uileghabhálacha sláinte poiblí. D'ullmhaigh an Roinn seo an bhileog faisnéise faoi iamh ina leagtar béim ar an phríomhtheachtaireacht sláinte poiblí. Iarraim ort tacú leis na leanaí leat tuiscint a ghnóthú ar na hathruithe nach mór do gach duine dínn a dhéanamh. Is féidir tuilleadh faisnéise maidir leis an chlár um Atosú Oideachais a fháil anseo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as an tacaíocht a thug tú do na leanaí leat sna míonna seo atá imithe thart. Táim lánchinnte go mbeimid in ann leas a bhaint as do thacaíocht leantach chun filleadh sábháilte ar scoil a chinntiú do gach leanbh agus duine óg ionas go mbeidh siad in ann leanúint dá n-oideachas.



PETER WEIR MLA
MINISTER OF EDUCATION